BILEOG EOLAIS MAIDIR LE hIASACHT UM CHEANNACH TÍ

Is féidir le ceannaitheoirí céaduaire atá ag ceannach teach nua nó athláimhe (nó féintógtha) iarratas a dhéanamh ar Iasacht um Cheannach Tí ón Údarás Áitiúil, suas go €220,000 thar thréimhse 30 bliana ar a mhéad, faoi réir téarmaí agus coinníollacha iasachta, ar chuntar go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta seo a leanas:

1. Ceannaitheoirí Céaduaire (eisceachtaí i gcásanna éagsúla, mar shampla, má tá sé/sí scartha de réir dlí nó colscartha).

2. Ioncam an Iarratasóra Aonair níos lú ná €50,000

3. Comhioncam na gComhiarratasóirí níos lú ná €75,000

4. Ní mór don phríomhshaothraí ar an iarratas a bheith i bhfostaíocht leanúnach ar feadh dhá bhliain ar a laghad (féinfhostaithe chomh maith) agus ní mór don dara iarratasóir a bheith i bhfostaíocht leanúnach ar feadh aon bhliain amháin ar a laghad. (Chuirfí eisceachtaí éagsúla san áireamh).

5. Idir 18 agus 70 bliana d'aois (i.e. caithfear an iasacht a íoc sula mbeidh an t-iasachtaí 70 bliana d'aois)

6. Tá ar iarratasóirí fianaise dhoiciméadach a thabhairt ar láimh, a chuireann in iúl go ndearna siad iarratas ar dhá iasachtóir (bainc nó cumainn foirgníochta) ach gur dhiúltaigh siad d'iasacht a thabhairt dóibh nó nach raibh dóthain airgid ar fáil uathu, sula ndéanann siad iarratas ar Iasacht um Cheannach Tí ó Chomhairle Contae Fhine Gall.

Is é €220,000 uasmhéid na hiasachta a chuirfí ar fáil (faoi réir téarmaí agus coinníollacha iasachta)

- go ceann 30 bliana ar a mhéad
- is é an cóimheas iasachta i gcoinne luacha (LTV) is airde ná 97%.

Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil cinneadh maidir le huasmhéid na hiasachta morgáiste i ngach cás ar aon dul le téarmaí agus coinníollacha iasachta, leis an uasmhéid €220,000, leis an gcóimheas iasachta i gcoinne luacha (LTV) is airde, agus ar chuntar go mbeidh an ceannaitheoir in ann é a aisíoc.

Conas Iarratas a Dhéanamh:

Ní mór d'iarratasóirí an Fhoirm Iarratais um Iasacht Cheannaigh Tí a líonadh agus í a sheoladh ar ais chuig:

An Rannóg Tithíochta Inacmhainne agus Ceannaigh ag Tionóntaí
An Rannóg Tithíochta
Comhairle Contae Fhine Gall
Bóthar an Gharráin
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliath 15

Tabhair faoi deara:

Tá ar iarratasóirí fianaise dhoiciméadach a thabhairt ar láimh, a chuireann in iúl go ndearna siad iarratas ar dhá iasachtóir (bainc nó cumainn foirgníochta) ach gur dhiúltaigh siad d'iasacht a thabhairt dóibh nó nach raibh dóthain airgid ar fáil uathu, sula ndéanann siad iarratas ar Iasacht um Cheannach Tí ó Chomhairle Contae Fhine Gall.